Na Cnocadóirí.
Nuacht an tSamhraidh

Siúlóidí an tSamhraidh

Beidh siúlóid in aghaidh na míosa againn sa samhradh. Tá liosta na siúlóidí thíos, agus cuirfear eolas níos cruinne mar gheall ar an ionad tosaithe ar fáil an tseachtain roimh gach siúlóid.

Dáta	*Siúlóid (Ceantar)*	*Treoraí*	*Áit Chruinnithe*
15 Meitheamh	Log na Coille, ó Achadh Bheannach (Aghavannagh)	Brighid & Marie (faoi oiliúint)	10.30 a.m. Oifigí BSL **nó** 11.45 sa charrchlós in Achadh Bheannach.
13 Iúil	Lough Deán go Ceann Toirc (& Brown Mountain) agus Scor, agus ar ais ar Shlí Cualann.	*Le socrú*	10.30 a.m. Oifigí BSL, **nó** 11.45 ag an Seandroichead (Oldbridge), cóngarach do Loch Deán
10 Lúnasa	*Beanna Boirche, Co. an Dúin*	*Rory*	*Lár na cathrach ar 10.00 a.m. (níos luaithe ná mar is gnách de bharr an aistir fhada).*

Sa nuachtlitir seo:

- *Liosta de shiúlóidí an tsamhraidh: mí an Mheithimh, Iúil & Lúnasa*
- *Eolas faoi bheárbaiciú a bheidh ar siúl i mí Iúil*
- *Treoraithe nua á lorg ag na Cnocadóirí*
- *Turas rothaíochta á phleanáil*
- *Dáta le haghaidh na dialainne – deireadh seachtaine sa Ghaeltacht*

Meabhrúchán!

Tá na nithe seo riachtanach ar gach siúlóid:
TÓIRSE MAITH UISCEDHÍONACH AGUS BATAIRE SPÁRTHA (seiceáil é roimh gach siúlóid), FEADÓG, BIA BREISE (ceapairí, brioscaí, seacláid), MÁLA MARTHANAIS (survival bag – ar fáil i siopaí campála ar phraghas íseal).
Má bhaineann gortú nó lagar do shiúlóir, nó má théimid amú, d'fhéadfadh moill a bheith orainn ag teacht anuas as na cnoic; sa chás sin, bheadh na nithe sin thuas ar fad de dhíth ar gach siúlóir.
D'fhéadfadh nach ligfí do dhaoine teacht ag siúl feasta mura mbeidh na nithe sin thuas ar fad acu.

Roinnt de na Cnocadóirí ag ligean a scíthe ar Bhinn Chuilceach sa Chabhán i mí na Bealtaine.

www.cnocadoiri.com.

Scaip an scéal!
Bímid i gcónaí ag lorg baill nua, mar sin, scaip an scéal agus cuir an nuachtlitir seo ar aghaidh chuig daoine eile a mbeadh suim acu teacht amach ar na cnoic linn.

Ceiliúradh an tSamhraidh!

Beidh beárbaiciú ag na Cnocadóirí ar an **Satharn, an 19 Iúil**, ar 7 a chlog i dteach Sheáin, Glas Naíon. Fáilte roimh na Cnocadóirí ar fad. Beidh bia ar fáil in aisce, ach pé rud ba mhaith leat a ól a thabhairt ann tú féin (ní cheadaítear tuirpintín!). Cuirfear an seoladh agus treoracha ar fáil ar ball – ach cuir an dáta sa dialann agus ná lig tharat an ócáid seo.

Turas Rothaíochta

Tá suim roinnt de na baill turas rothaíochta ó Stócólm go Beirlín a eagrú i rith an tsamhraidh. Má tá spéis agat dul leo, cuir r-phost chuig cnocadoiri@yahoo.com láithreach.

Dáta le haghaidh na dialainne – Meán Fómhair 08

Beidh deireadh seachtaine cnocadóireachta ar siúl againn i nGaeltacht Dhún na nGall ar an 19-21 Meán Fómhair (dhá oíche). Cuirfear sonraí breise ar fáil ag tús mhí Mheán Fómhair.

Go mbaine tú taitneamh as dea-aimsir agus laethanta fada an tsamhraidh, agus tá súil againn go bhfeicfimid ag cuid de na himeachtaí thú. An Coiste.

Treoraithe ag teastáil

An bhfuil tusa in ann grúpa a threorú ar shiúlóid? An bhfuil eolas agat ar shiúlóidí suimiúla ar mhaith leat triail a bhaint astu? Má tá, ba bhreá linn scéala a fháil uait. Ní mór don chlub buíon treoraithe a bheith againn chun clár siúlóidí a phleanáil le haghaidh an fhómhair agus an gheimhridh. Cuir ríomhphost chuig cnocadoiri@yahoo.com más spéis leatsa siúlóid a roghnú nó a threorú.

Treoraithe faoi oiliúint

Thug deichniúr de na Cnocadóirí faoin gcúrsa i mBunscileanna Cnocadóireachta, a bhí ar siúl i mí na Bealtaine. Sna míonna atá romhainn, beidh deis ag na daoine sin na scileanna a chur i ngníomh, agus sealanna a ghlacadh, ina mbeirteanna, mar threoraithe cúnta ar chuid de na siúlóidí.